Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13512/20**

**SOC 772**
**EMPL 542**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12945/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ DI

1. Luachanna bunaidh de chuid an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear sna Conarthaí ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh is ea cearta an duine a chosaint, an fhorbairt inbhuanaithe a chothú, an comhshaol a chosaint, an ceartas sóisialta a chur chun cinn agus seasamh leis an dlí idirnáisiúnta.

2. Is treoir iad na luachanna sin do rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an duine a chosaint agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn.

3. Tá na Ballstáit tiomanta obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn mar a leagtar síos i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá slabhraí soláthair domhanda inbhuanaithe ríthábhachtach chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, mar a chuirtear i dtreis freisin sa Chomhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt[1].

4. Tá obair chuibhiúil do chách sainithe mar phríomhchuspóir i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, i nDearbhú 2008 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom, agus i nDearbhú Céad Bliain 2019 EIS maidir le Todhchaí na hOibre.

5. Le Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, tugtar treoir d'fhiontair i dtaca le beartas sóisialta agus cleachtais oibre chuimsitheacha, fhreagracha agus inbhuanaithe, agus cuirtear prionsabail agus caighdeáin ar fáil le Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hiompar freagrach gnó[2].

---

[1] An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt: Ár Saol, ár nDínit, ár dTodhchaí. Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach, 2017.

[2] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair: An Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta; an cúigiú heagrán – Márta 2017.
An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta: Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta; eagrán 2011.

6. Is cuid fhíor-riachtanach den chlár oibre um obair chuibhiúil iad na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha ag an obair, mar a áirítear i nDearbhú 1998 maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair iad, a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

7. In 2016, ghlac Comhairle na hEorpa an moladh maidir le Cearta an Duine agus Gnó lena gcuirtear treoir shonrach ar fáil le cuidiú leis na Ballstáit[3].

8. D'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach bainistiú freagrach a chur chun cinn agus a chothú i slabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear trí fhreagracht shóisialta chorparáideach, trí dhícheall cuí a dhéanamh i ndáil le cearta an duine, agus trí obair chuibhiúil agus cosaint shóisialta agus cosaint saothair a chur chun cinn[4].

9. Ghlac an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip[5], ina gcuirtear chun suntais gur féidir leis an Aontas – agus é ar an magadh aonair is mó ar domhan – caighdeáin a leagan síos a bhfuil feidhm acu maidir le slabhraí luacha domhanda.

10. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme chun cearta an duine agus caighdeáin saothair a chosaint ar dhrochthionchair a bhíonn ag gnólachtaí, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine a ndéanann gníomhaíochtaí gnó difear dóibh ar leigheas éifeachtach.

---

[3] Comhairle na hEorpa: *Human rights and business – Recommendation CM/Rec(2016)3 of the Committee of Ministers to Member States (2016)* [Cearta an duine agus gnó – Moladh CM/Rec(2016)3 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit (2016)].

[4] Comhairle an Aontais Eorpaigh, Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach, 2019, 13436/19, mír 19.

[5] An Coimisiún Eorpach; *Communication 'The European Green Deal'* [Teachtaireacht dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip']; COM(2019)640 final, lch. 22.

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS

11. Tá an staid fhorbhásach a bhí ag codanna den lucht saothair cheana féin ar gach leibhéal de na slabhraí soláthair domhanda imithe in olcas mar gheall ar phaindéim COVID-19. Go háirithe, tá mná, leanaí agus oibrithe imirceacha thíos leis seo agus déantar sárú díréireach ar chearta an duine agus ar chearta saothair na ndaoine sin i réimse an ghnó[6].

12. De dheasca an laghdaithe ghéir leanúnaigh ar uaireanta oibre agus na gcaillteanas suntasach san ioncam saothair ar fud an domhain mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá baol láithreach ann do thart ar 1.6 billiún oibrí sa gheilleagar neamhfhoirmiúil amháin – i.e. beagnach leath den lucht saothair domhanda – go gcaillfidh siad a slí bheatha[7].

13. Bhí paindéim COVID-19 ina cúis le cúlú eacnamaíoch ar fud an domhain atá i bhfad níos measa ná an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais ó 2007 go 2009. Tá dúshláin ollmhóra roimh fhiontair san Eoraip agus ar fud an domhain maidir le dul i ngleic leis an staid eacnamaíoch urghnách seo. Chun géarchéimeanna a bhainistiú go héifeachtach agus go solúbtha, tá sé léirithe ag an bpaindéim gur inmholta do chuideachtaí forléargas a fháil ar a gcuid slabhraí luacha, aithne a bheith acu ar a gcuid soláthróirí agus obair i gcomhar leo.

14. Is den ríthábhacht an ról a imríonn an chomhphháirtíocht shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus é a mhaolú agus ní féidir léi a bheith éifeachtach ach amháin má dhéantar saoirse comhlachais agus cómhargáil a chosaint.

15. Le 20 bliain anuas tá roinnt feabhsuithe déanta i dtaobh saothar leanaí a chomhrac, cé go léirítear leis na meastacháin is déanaí go bhfuil moill shuntasach tagtha ar an dul chun cinn sin[8]. Má leanann an laghdú domhanda ar shaothar leanaí ar an luas mall seo, tógfaidh sé beagnach 40 bliain eile chun deireadh a chur le saothar leanaí, in ionad 5 bliana mar a bheartaítear le sprioc 8.7 de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 8.

---

6 Na Náisiúin Aontaithe: *Shared Responsibility, Global Solidarity: Responding to the socio-economic impacts of COVID-19* [Na Náisiúin Aontaithe: Freagracht Chomhroinnte, Dlúthpháirtíocht Dhomhanda: Freagairt ar thionchair shocheacnamaíocha COVID-19]; 2020; *COVID-19 and Child Labour: A time of crisis, a time to act* [COVID-19 agus Saothar Leanaí: Tráth na géarchéime, is mithid dúinn gníomhú], foilseachán comhpháirteach ó UNICEF/EIS, Meitheamh 2020.

7 *ILO Monitor: COVID-19 and the world of work* [Faireachlann EIS: COVID-19 agus saol na hoibre], an 29 Aibreán 2020.

8 *International Labour Organisation, Global Estimates of Child Labour, Results and Trends, 2012-2016, September 2017* [An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, Meastacháin Dhomhanda ar Shaothar Leanaí, Torthaí agus Treochtaí, 2012-2016, Meán Fómhair 2017].

16. Tá ról lárnach ag slabhraí soláthair domhanda i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ar fud an domhain agus sa trádáil dhomhanda. Tá na céadta milliún oibrí fostaithe i líonraí slabhraí soláthair de chuid fiontar ilnáisiúnta. Is ionann na líonraí sin agus 80 % den trádáil dhomhanda[9]. Ní mór iad a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chun obair chuibhiúil a chur ar fáil do chách, lena n-áirítear pá cothrom rud a fhágann gur féidir caighdeán maith maireachtála a chur ar fáil.

17. Cuirtear buntáiste iomaíoch ar fáil le bainistiú agus táirgeadh inbhuanaithe chomh maith le comhpháirtíocht shóisialta. Trí chur chuige comhleanúnach a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach tógáil ar an mbuntáiste sin agus ról ceannródaíoch idirnáisiúnta a ghlacadh chuige féin – agus é ar an margadh aonair is mó ar domhan – maidir le freagracht gnólachtaí a chothú as a ngníomhaíochtaí agus a bhfaillíocha.

18. Tá dícheall cuí corparáideach, go háirithe dícheall cuí maidir le cearta an duine, ríthábhachtach do bhainistiú freagrach an tslabhra soláthair i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta.

19. Tá a bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine glactha ag 15 Bhallstát i ndiaidh iarraidh ón gCoimisiún in 2011[10]. Tá difríochtaí móra idir na pleananna sin ó thaobh cur chuige cur chun feidhme agus gealltanas de. I gcás roinnt Ballstát, tá reachtaíocht éigeantach maidir le dícheall cuí curtha chun feidhme acu nó é beartaithe acu reachtaíocht den sórt sin a chur chun feidhme.

20. Léirítear le hanailís a rinne an Coimisiún Eorpach nach bhfuil ach mionlach de na gnólachtaí san Aontas Eorpach ag tabhairt faoi dhícheall cuí cuimsitheach faoi láthair, rud lena gcuirtear san áireamh cearta uile an duine agus cearta uile saothair mar aon le tionchair chomhshaoil agus lena gclúdaítear an slabhra luacha ina iomláine[11]. D'fhéadfaí rioscaí tromchúiseacha a chruthú leis sin do shealbhóirí ceart agus do ghnólachtaí araon.

---

**9** UNCTAD, *World Investment Report (2013)* [Tuarascáil ar an Infheistíocht ar Domhan (2013)].

**10** Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *A renewed EU strategy 2011-14 for Corporate Social Responsibility* [Straitéis athnuaite 2011-14 de chuid an Aontais don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach], COM(2011)681 final.

**11** *European Commission (2020): Study on due diligence requirements through the supply chain* [An Coimisiún Eorpach (2020): Staidéar ar cheanglais díchill chuí tríd an slabhra soláthair].

21. Tá ról tábhachtach ag bearta deonacha agus tionscnaimh dheonacha gnólachtaí, ceardchumann, eagraíochtaí gnó agus geallsealbhóirí eile, amhail idirphlé earnála agus ardáin nó tionscnaimh il-gheallsealbhóirí earnála nó téamacha mar aon le hardú feasachta i measc tomhaltóirí, ach leis na nithe sin amháin ní dócha go dtiocfaidh athrú suntasach ar an mbealach a ndéanann gnólachtaí a dtionchair shóisialta, chomhshaoil agus rialachais a bhainistiú ná ní dócha go dtabharfaidh siad leigheas éifeachtach dóibh siúd dá ndéantar difear[12].

22. Bíonn ar ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe iad siúd a mbíonn gníomhaíochtaí trasearnála ar bun acu, aghaidh a thabhairt ar cheanglais éagsúla inbhuaine agus díchill chuí de chuid an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta ilchineálach. Ar an gcaoi sin, tá méadú ag teacht ar líon na ngnóthlachtaí Eorpacha a aithníonn níos mó, de réir a chéile, an gá atá le cothrom na Féinne agus na caighdeáin chéanna do chách, lena n-áirítear d'iomaitheoirí ó thríú tíortha, laistigh den Mhargadh Aonair Eorpach, ar gnólachtaí iad a admhaíonn an luach a bhaineann le rialacha éigeantacha uile-Aontais maidir le dícheall cuí i leith chearta an duine[13].

**23.** Chun giaráil agus saineolas a chuachadh tá sé riachtanach comhthuiscint a bheith ann ar cheanglais díchill chuí ó earnáil go chéile, méideanna gnólachtaí agus tíortha, i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI

24. Sáruithe ar chearta bunúsacha ag an obair, drochdhálaí oibre, go háirithe sláinte agus sábháilteacht ag an obair atá neamhleor, easpa pá chothroim, am oibre neamhrialta nó iomarcach, idirdhealú, mar aon le foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe a mbíonn tionchar díréireach acu ar mhná agus ar chailíní**,** lena n-áirítear i slabhraí soláthair agus luacha, ní mór dul i ngleic leis na nithe sin trí chur chuige domhanda.

---

**12** *European Commission (2020): Study on due diligence requirements through the supply chain* [An Coimisiún Eorpach (2020): Staidéar ar dhualgais stiúrthóirí agus ar rialachas corparáideach inbhuanaithe]. *European Commission (2020): Study on due diligence requirements through the supply chain* [An Coimisiún Eorpach (2020): Staidéar ar cheanglais díchill chuí tríd an slabhra soláthair].

**13** *European Commission (2020): Study on due diligence requirements through the supply chain* [An Coimisiún Eorpach (2020): Staidéar ar cheanglais díchill chuí tríd an slabhra soláthair].

25. Mar a cuireadh in iúl in SDG 8, ní mór clár oibre láidir um obair chuibhiúil a bheith ann chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur chun feidhme. Is cuid ríthábhachtach den chlár sin obair chuibhiúil a chur chun cinn chun críoch inbhuaine an táirgthe agus an tomhaltais, chun an bhochtaineacht agus an t-ocras a chomhrac, chun an chosaint shóisialta a neartú agus chun tacú le comhionannas inscne agus neamhionannais a laghdú.

26. Thar aon ní eile, tá sé de fhreagracht ar gach stát cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i dtaca le daoine aonair laistigh dá gcríoch agus/nó laistigh dá ndlínse. Is ann don fhreagracht chorparáideach maidir le cearta an duine a urramú ar neamhchead do chumas nó toil na Stát a ndualgas a chomhlíonadh maidir le cearta an duine a chosaint.

27. Ní mór iarrachtaí feabhsaithe agus bearta nithiúla a dhéanamh chun obair chuibhiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear sna slabhraí soláthair domhanda, chun na spriocanna a leagtar síos i gclár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

28. Is cuid thábhachtach de ghníomhaíocht an Aontais chun obair chuibhiúil a chur chun cinn i slabhraí soláthair domhanda é timpeallacht chumasúcháin a bhunú le haghaidh bhainistiú freagrach an tslabhra soláthair agus an bainistiú freagrach sin a chur chun cinn.

29. Chun na bearnaí i gcosaint chearta an duine a dhúnadh feadh na slabhraí soláthair domhanda**,** caithfear iarrachtaí comhuaineacha a dhéanamh trí na bealaí beartais uile atá ann cheana. Caithfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, oibriú i gcomhar le chéile chun a n-iarrachtaí a chuachadh ionas go mbeidh creat beartais stóinsithe agus straitéis bheartais stóinsithe ann lena múnlófar cothrom na Féinne ar bhonn idirnáisiúnta.

30. Aon oibleagáid a d'fhéadfaí a fhorchur ar fhiontair, ba cheart di a bheith i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta, a bheith comhréireach, deimhneacht dhlíthiúil a chruthú, staid shonrach agus riachtanais shonracha FBManna a chur san áireamh agus díriú ar obair chuibhiúil a neartú**,** lena n-áirítear caidrimh fhreagracha a chothú idir fiontair de chuid an Aontais agus a gcomhpháirtithe i dtíortha i mbéal forbartha.

IS DÍOL SÁSAIMH DI GO BHFUIL AN MÉID A LEANAS Á DHÉANAMH AG AN gCOIMISIÚN EORPACH

31. Gheall sé go gcothódh sé cothroime shóisialta sa chuid eile den domhan chun aistriú cóir an gheilleagair dhomhanda a áirithiú[14].

32. D'fhógair sé go bhfuil rún aige tionscnamh nua a chur ar aghaidh in 2021 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena dtabharfar aghaidh, i measc saincheisteanna eile, ar chearta an duine, ar an dualgas cúraim comhshaoil agus ar dhícheall cuí a dhéanamh ar fud slabhraí soláthair agus luacha eacnamaíocha[15].

33. Tá gníomhaíocht á déanamh aige i réimsí éagsúla beartais chun obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair agus luacha domhanda a chur chun cinn agus tá bearta breise fógartha aige. Áirítear ar na beartais sin trádáil, comhar um fhorbairt, idirphlé agus beartais a bhaineann le saothar agus cearta an duine, beartais earnála, beartais chomharsanachta agus bearta a bhaineann le freagracht chorparáideach, soláthar poiblí, tuairisciú corparáideach, airgeadas inbhuanaithe, dícheall cuí maidir le slabhraí soláthair mianraí coinbhleachta, comhshaol agus beartais tomhaltóirí.

34. Tá a chaidreamh á neartú aige le tíortha comhpháirtíochta agus i bhfóraim idirnáisiúnta chun iarrachtaí náisiúnta agus domhanda a chur chun cinn, agus chun tacú leo, go gníomhach lena gcuirfear i bhfeidhm Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.

---

[14] An Coimisiún Eorpach: Teachtaireacht dar teideal *A Strong Social Europe for Just Transitions* [Eoraip shóisialta láidir d'aistrithe córa]; COM(2020) 14 final.

[15] An Coimisiún Eorpach: Teachtaireacht dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030* [Straitéis bithéagsúlachta an Aontais 2030]; COM(2020) 380 final.

35. D'iarr sé ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta[16] a ghlacadh agus tá sé ag machnamh ar chineálacha éagsúla dreasachtaí breise do ghnólachtaí chun SDGanna a chomhtháthú ina n-oibríochtaí mar a leagtar amach ina pháipéar machnaimh *Towards a Sustainable Europe by 2030*[17] [I dTreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030], i gcomhréir leis an toilteanas a d'fhógair an tAontas breathnú ar roghanna dlús a chur le cur chun feidhme threoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear plean gníomhaíochta de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith gaolmhar leo[18];

36. Tá gealltanas láidir tugtha aige cultúr rialachais chorparáidigh inbhuanaithe a chruthú agus geilleagar cuimsitheach dea-fheidhmiúil a bhaint amach a oibreoidh do dhaoine agus a shaothróidh spriocanna comhshaoil agus sóisialta[19].

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

37. DLÚS A CHUR lena n-iarrachtaí Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme go héifeachtach**,** lena n-áirítear trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta, idir nua agus nuashonraithe, ina mbeidh meascán cliste de bhearta deonacha agus éigeantacha**,** i gcás inarb iomchuí. Ní mór do phróisis sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta díriú ar bhearnaí i gcosaint chearta an duine a dhúnadh agus oibrithe agus sealbhóirí eile ceart as grúpaí agus pobail dá ndéantar difear, mar aon le comhpháirtithe sóisialta, a chuimsiú.

38. FÉACHAINT AR dhul isteach i gComhghuaillíocht 8.7. chun gníomhaíocht a spreagadh maidir le sprioc 8.7. de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 chun saothar leanaí agus saothar éignithe agus gáinneáil ar dhaoine sna slabhraí soláthair domhanda a dhíothú.

---

**16** An Coimisiún Eorpach: Teachtaireacht dar teideal '*A renewed EU strategy 2011-14 for Corporate Social Responsibility*' [Straitéis athnuaite 2011-14 de chuid an Aontais um fhreagracht shóisialta chorparáideach]; COM(2011) 681 final.

**17** An Coimisiún Eorpach (2019), *Reflection Paper Towards a Sustainable Europe by 2030* [Páipéar machnaimh dar teideal I dTreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030; COM(2019) 22.

**18** Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a ghlac an Chomhairle ag an 3673ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 18 Feabhra 2019; 6339/19.

**19** Teachtaireacht 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gcomhaontú glas don Eoraip; Plean gníomhaíochta 2018 an Choimisiúin maidir le fás inbhuanaithe a mhaoiniú; tionscnamh rialachais chorparáidigh inbhuanaithe faoi stiúir JUST (Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais)

39. FÉACHAINT ar thacaíocht a thabhairt do Vision Zero Fund atá á riar ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus do thionscadail eile mar é de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta a rannchuidíonn san fhís sin gan aon tionóisc, gortú ná galar trom ná marfach, a bhaineann leis an obair, a bheith sna slabhraí soláthair domhanda. Agus TACÚ leis na hiarrachtaí maidir leis an gceart chun dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla a chomhtháthú i gcreat EIS i ndáil le prionsabail bhunúsacha agus cearta san obair[20].

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AR LEITH, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

40. Cearta an duine sna slabhraí soláthair domhanda agus obair chuibhiúil ar fud an domhain a CHUR CHUN CINN, lena n-áirítear beartas neamhfhulaingthe maidir le saothar leanaí agus saothar éignithe, gáinneáil ar dhaoine, agus sáruithe agus treascairtí eile ar chearta an duine, lena mbeartais inmheánacha agus sheachtracha, i bhfóraim iltaobhacha agus i gcomhar le comhpháirtithe domhanda.

41. FÉACHAINT ar thionscnaimh a bhunú nó a threisiú, go háirithe cláir chomhpháirtíochta, chun na córais cigireachta saothair i dtríú tíortha a neartú.

42. RANNCHUIDIÚ le téarnamh domhanda inbhuanaithe agus athléimneach as géarchéim COVID-19 trí ghníomhú chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí domhanda na géarchéime d’oibrithe agus sealbhóirí eile ceart feadh na slabhraí soláthair domhanda agus trí bheartais aistrithe córa a bhunú.

43. OIBRIÚ AS LÁMHA A CHÉILE chun comhleanúnachas a chothú idir bearta náisiúnta agus Eorpacha maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear ceanglais an tslabhra soláthair, agus a gcur chun feidhme éifeachtach i bhfianaise na staide deacra eacnamaíche ina bhfuil gnólachtaí Eorpacha de dheasca ghéarchéim COVID-19.

---

[20] Comhairle an Aontais Eorpaigh: Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach; 24 Deireadh Fómhair 2019; 13436/19

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

44. An teachtaireacht uaidh in 2006 *Promoting decent work for all – the EU contribution to the implementation of the decent work agenda in the world* [Obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn – rannchuidiú an Aontais Eorpaigh leis an gclár um obair chuibhiúil a chur chun feidhme ar fud an domhain] A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA.

45. Plean Gníomhaíochta AE a SHEOLADH faoi 2021 ina ndíreofar ar shlabhraí soláthair domhanda a mhúnlú ar bhealach inbhuanaithe, cearta an duine a chur chun cinn chomh maith le dícheall cuí agus trédhearcacht in ábhair shóisialta agus chomhshaoil, agus ina gcuirfear san áireamh gach a taithíodh agus a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19. Tacóidh sé sin le cur chun feidhme comhleanúnach Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta. Ba cheart don phlean gníomhaíochta aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine sin ag tús na slabhraí soláthair domhanda, iad go minic i dtíortha atá i mbéal forbartha**,** agus, ar an gcaoi sin, clár oibre nuashonraithe um obair chuibhiúil a chomhlánú.

46. Togra a CHUR SÍOS le haghaidh chreat dlíthiúil AE maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe**,** lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha díchill chuí chorparáidigh feadh na slabhraí soláthair domhanda. D'fhéadfaí a áireamh leis sin sainiú ar an gcineál próisis bainistithe riosca a chaithfidh cuideachtaí a leanúint chun a ndrochthionchair ar chearta an duine, ar chearta saothair agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus cuntas a thabhairt ina leith.

47. FORÁIL don chomhar iomchuí um fhorbairt agus do bhearta tacaíochta um beartas seachtrach is féidir gabháil le cur chun feidhme meascáin chliste de bhearta feadh slabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhar agus na bearta sin maidir le cothrom na Féinne a bhunú ar an leibhéal domhanda agus ar a nglacadh ag comhpháirtithe tríú tíortha.

48. Forbairt agus cur chun feidhme Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine a CHOTHÚ sna Ballstáit chun comhordú agus comhleanúnachas a fheabhsú.

49. FÉACHAINT ar threoir tháscach a thíolacadh i bhfoirm critéir agus caighdeáin cháilíochta le haghaidh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus struchtúir a fhorbairt don phiarfhoghlaim i measc na mBallstát i ndáil lena bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

50. FÉACHAINT ar idirphlé earnála a sheoladh ar fud an Aontais agus cuir chuige earnálacha náisiúnta a uas-scálú, ar bhonn il-gheallsealbhóirí, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus le cearta saothair sna slabhraí soláthair agus luacha**.**

51. TACÚ le hobair na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha[21] agus LEAS A BHAINT as an obair sin mar aon lena ról comhairleach maidir le rochtain ar leigheas ar na drochthionchair ar chearta an duine feadh na slabhraí soláthair domhanda.

52. DÍCHEALL A DHÉANAMH le go mbeidh caibidlí uaillmhianacha inbhuaine i gcomhaontuithe trádála ina mbeidh cearta láidre sóisialta agus saothair agus forálacha maidir le bainistiú freagrach an tslabhra soláthair agus clásail láidre eiliminte riachtanaí maidir le cearta an duine. Leanúint de bheith ag obair ar shásraí faireacháin agus forfheidhmithe níos láidre agus d'fhéachaint lena áirithiú go gcloífidh tíortha a thairbhíonn d'fhabhair tharaife aontaobhacha le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saothar.

---

[21] *Report on Business and Human Rights – Access to Remedy* [Tuarascáil maidir le Gnó agus Cearta an Duine – Rochtain ar Leigheas], Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2020).